Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil – Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Léirithe spéise á lorg do thailte a d'fhéadfadh a bheith curtha ar fáil d'fhorbairt tithíochta

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag lorg léirithe spéise i scríbhinn ó úinéirí talún agus ó fhorbróirí maidir le tailte a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'fhorbairt chónaithe sa tréimhse go dtí 2040 agus go bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt ar aghaidh lena bhforbairt sa tréimhse sin. Tá an próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil seo á dhéanamh mar fhreagra ar na nithe seo a leanas:

- An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) – An Chéad Athbhreithniú 2025.
- Treoirlínte Alt 28: Cur i bhfeidhm an NPF – Riachtanais maidir le Fás Tithíochta (2025) (1,144 teach nua in aghaidh na bliana i bPort Láirge go dtí 2034).

Tá sé i gceist leis na léirithe spéise tacú leis an údarás pleanála nuair atá:

- Athrú féideartha ar an bplean forbartha á n-ullmhú, athrú a chuirfidh níos mó sonraí ar fáil maidir le céimniú agus scaoileadh talún criosaithe le haghaidh forbairt chónaitheach.
- Na srianta seirbhíse bonneagair ar fhorbairt chónaithe in áiteanna éagsúla á mheas, maraon leis an mbealach is fearr chun na srianta sin a shárú gan mhoill.

Is féidir sonraí iomlána an ghlao ar léirithe spéise, lena n-áirítear an fhoirm iarratais ábhartha agus cáipéisíocht tacaíochta, a fháil ar thairseach comhairliúcháin phoiblí consult.waterfordcouncil.ie. Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 10 Aibreán go dtí an 8 Bealtaine 2026 agus ní ghlacfar le haighneachtaí i scríbhinn ach amháin le linn na tréimhse sin.

Ba cheart do gach léiriú spéise a dhéantar leis an údarás pleanála aird chuí a thabhairt ar bheartais agus ar chuspóirí **Phlean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge 2022 – 2028** (mar a shonraítear ar an bhfoirm iarratais) a thacaíonn le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Phort Láirge.

Is féidir aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh:

- Tríd an bpost, agus é dírithe chuig: Glao ar Léirithe Spéise, Oifig Pleanála, Áras Menapia, An Meal, Port Láirge, X91 FXN4. **(Cinntigh le do thoil go bhfuil 'Glao ar Léiriú Spéise' luaite go soiléir ar an gclúdach)**
- Trí thairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (www.consult.waterfordcouncil.ie)

Sínithe

Aisling O'Sullivan

Pleanálaí Sinsearach